Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Ullmhúchán don Teagasc agus don Fhoghlaim - Treoir do gach Bunscoil agus Scoil Speisialta

Arna fhorbairt ag an Roinn Oideachais, an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnaithe, Seirbhísí Forbartha Gairmiúla do Mhúinteoirí agus an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta.

# Clár

**1. Réamhrá 3**

**2. Ullmhúchán don Teagasc agus don Fhoghlaim 4**

Fíor 1: Ullmhúchán don Teagasc agus don Fhoghlaim 5

Ullmhúchán Dofheicthe agus Machnamh 5
Ullmhúchán Infheicthe agus Machnamh 6
Ullmhúchán agus Machnamh Taifeadta 6

**3. Na Príomhcholúin d'Ullmhúchán don Teagasc agus don Fhoghlaim 7**

Cur amach ar na Páistí agus ar a Réamhfhoghlaim 8
Cur Amach ar an gCuraclam 8
Cur Amach ar an Oideolaíocht 9

**4. Ullmhúchán don Teagasc agus don Fhoghlaim i gCleachtas 10**

An Páiste (Na Páistí) 10
An Múinteoir 10
An Timpeallacht Foghlama 11
Ullmhúchán agus Machnamh Taifeadta 11
Ceisteanna chun tacú le múinteoirí machnamh a dhéanamh ar a n-ullmhúchán don teagasc agus don fhoghlaim 12

**5. Ag Tacú le hUllmhúchán don Teagasc agus don Fhoghlaim 14**

Comhairle do Mhúinteoirí - 14
Torthaí Foghlama i gCuraclam Teanga na Bunscoile 17
Comhairle do Mhúinteoirí 17
Comhairle do Mhúinteoirí 21

**6. Tacaíochtaí breise 23**

**Aguisín 1: Soláthar Curaclaim ó Breith go dtí 18 mbliana d'aois 25**

# 1. Réamhrá


Foilsíodh Curaclam Teanga na Bunscoile (CTB/PLC) do chéimeanna 1 – 4 (naíonáin shóisearacha go rang a sé) i mí Mheán Fómhair 2019, rud a fhágann gurb é an chéad churaclam lánfhorbartha a tugadh isteach ó Churaclam na Bunscoile in 1999. Le linn athruithe ar an gcuraclam, bíonn gach duine laistigh de chóras oideachais ag foghlaim le chéile agus teastaíonn tacaíocht uathu chun an t-athrú atá beartaithe a chur i bhfeidhm. Cuirtear deiseanna ar fáil chun machnamh a dhéanamh ar ghnáthaimh agus ar chleachtais sheanbhunaithe le linn na n-amanna sin, rud a chuireann ar ár gcumas breithniú maidir le conas a d'fhéadfaí iad sin a oiriúnú chun tacú le teagasc agus foghlaim a thuilleadh. Is sampla den athrú sin é tabhairt isteach an CTB/PLC agus thacaigh múinteoirí, ceannairí scoile, comhairleoirí seirbhíse tacaíochta agus cigirí leis i scoileanna ar fud na tíre.

Mar is amhlaidh le gach athrú, tá sé dosheachanta go dtiocfaidh dúshláin agus deiseanna chun cinn de réir mar a chuirtear é i bhfeidhm i scoileanna. Dúshlán amháin den sórt sin a bhfuil múinteoirí ag freagairt dó is ea ullmhú le haghaidh teagaisc ag úsáid dhá stíl éagsúla curaclaim, Curaclam na Bunscoile, ábhar atá bunaithe ar chuspóirí (1999) agus CTB/PLC atá bunaithe ar thorthaí foghlama (2019). Ní miste a rá freisin go mbeidh torthaí foghlama le sonrú i ngach forbairt curaclaim bunscoile sa todhchaí. Tá sé i gceist leis an doiciméad seo treoir a sholáthar do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile i ngach comhthéacs scoile, trí chur síos a dhéanamh ar thuiscint athnuaite maidir le "ullmhúchán don teagasc agus don fhoghlaim" don Churaclam Bunscoile (1999) agus don CTB/PLC (2019). I gcomhthéacs na scoile speisialta, ba chóir go dtógfaí an fhoghlaim atá beartaithe do leanaí ó churaclam aois-oiriúnach bunscoile nó iar-bhunscoile lena chinntiú go mbíonn rochtain ag leanaí ar oideachas uilechuimsitheach agus iomchuí dá gcumas agus dá riachtanas, agus go nglacann siad páirt san oideachas sin agus go mbíonn sé tairbheach dóibh. Do mhúinteoirí leanaí ag leibhéal na hiar-bhunscoile i scoil speisialta, féadfar gnéithe de Churaclam na Bunscoile (1999) agus den Churaclam Teanga Bunscoile (2019) a úsáid mar bhonn eolais agus mar thaca d'ullmhúchán do leanúnachas an teagaisc agus na foghlama ag baint úsáide as eispéiris foghlama barántúla.

# 2. Ullmhúchán don Teagasc agus don Fhoghlaim

Tá teachtaireachtaí tábhachtacha maidir leis an gcuraclam le fáil i gCiorclán 0045/2019 a thacaíonn le tabhairt isteach an CTB/PLC. Sa chiorclán, úsáidtear an teanga seo a leanas: 'ullmhúchán don teagasc agus don fhoghlaim', seachas an teanga níos traidisiúnta 'pleanáil don teagasc'. Sa treoir a leanas tugtar breac-chuntas ar thuiscint athnuaite ar ullmhúchán don teagasc agus don fhoghlaim, atá ailínithe leis an gCreat, Ag Breathnú ar an Scoil Againne – Creat Cáilíochta do Bhunscoileanna (2016).

Is fearr a thuigtear go bhfuil ullmhúchán don teagasc agus don fhoghlaim mar phróiseas leanúnach a fhorbraíonn agus muid ag foghlaim faisnéis nua go leanúnach faoi na páistí, a gcuid riachtanas, a gcuid spéiseanna agus a gcumais. Ar an mbealach sin, ba cheart a thuiscint go bhfuil gach ullmhúchán don teagasc agus don fhoghlaim **leanúnach agus ag forbairt**. Ullmhúchán **dofheicthe, infheicthe agus taifeadta** atá i gceist le hullmhúchán don teagasc agus don fhoghlaim**,** ullmhúchán is féidir a dhéanamh ag an am céanna le cois roimhe, le linn agus tar éis teagaisc agus foghlama (Fíor.1). Tá na trí cinn acu sin **comhlántach** agus riachtanach chun tacú le heispéiris foghlama iomchuí a sholáthar do gach páiste. Cé nach féidir ullmhúchán dofheicthe agus sofheicthe a thaifeadadh, tá sé tábhachtach a admháil **go gcuirtear an luach céanna ar na trí chomhpháirt ar bhonn cothrom.**




FÍOR 1: ULLMHÚCHÁN DON TEAGASC AGUS DON FHOGHLAIM

## Ullmhúchán Dofheicthe agus Machnamh

Bíonn ullmhúchán dofheicthe **leanúnach agus neamhthaifeadta**; trína dtarraingíonn múinteoirí ar a dtaithí, ar a gcur amach ar na páistí, ar an gcultúr foghlama ina suíomh chomh maith lena gcreideamh faoi theagasc agus foghlaim agus iad ag déanamh cinntí faoina gcleachtas. Is minic a tharlaíonn an **machnamh leanúnach** sin maidir le foghlaim agus forbairt na páistí go hiomasach sula dtarlaíonn an fhoghlaim, lena linn agus ina diaidh. Tarlaíonn sé sin go minic trí **chomhoibriú** le comhghleacaithe agus le daoine eile lena n-

áirítear na páistí, a dtuismitheoirí agus gairmithe ábhartha eile nó gníomhaireachtaí seachtracha. Tá rannpháirtíocht fhiúntach leis an gcuraclam agus a thacaíochtaí i gceist le hullmhúchán dofheicthe lena chinntiú go gcuirtear eispéiris foghlama ar ardchaighdeán ar fáil do páistí.

## Ullmhúchán Infheicthe agus Machnamh


Is ionann ullmhúchán infheicthe agus **teagasc agus foghlaim i ngníomh**. Is éard atá i gceist leis ná eispéiris foghlama iomchuí a sholáthar chun tacú leis an bhfoghlaim atá beartaithe do gach páiste. Cuirtear na heispéiris foghlama sin, arna dtreorú ag an gcuraclam, in oiriúint chun tacú le riachtanais, réimsí spéise agus cumais gach linbh. Measann ullmhúchán infheicthe **timpeallacht foghlama** mar áit inar féidir eispéiris spraíúla tarraingteacha tarlú agus mar áit ina n-éascaítear idirghníomhaíochtaí fónta. Breithníonn sé freisin úsáid a bhaint as **acmhainní oiriúnacha** chun tacú leis an bhfoghlaim atá beartaithe do na páistí. Bíonn an teagasc agus an fhoghlaim i ngníomh **sreabhach agus solúbtha** agus is minic a ghlacann múinteoirí le deiseanna foghlama gan choinne agus nua a thagann chun cinn.

## Ullmhúchán agus Machnamh Taifeadta

Is ionann ullmhúchán taifeadta agus aon doiciméadacht agus **tacaíonn sé le cleachtas agus machnamh leanúnach múinteoirí.** Is féidir go n-áireofaí sa doiciméadacht sin doiciméadacht ghearrthéarmach agus fhadtéarmach, pleananna tacaíochta daltaí/pleananna oideachais do dhaltaí aonair, sonraí measúnaithe, cuntais mhíosúla, tuarascálacha deireadh bliana, nótaí pearsanta, doiciméadacht ó ghairmithe eile agus ó ghníomhaireachtaí seachtracha, etc.

# 3. Na Príomhcholúin d'Ullmhúchán don Teagasc agus don Fhoghlaim

Aithnítear múinteoirí mar **ghairmithe tiomanta, oilte agus gníomhaíocha.** Déanann múinteoirí cinntí lárnacha gach lá maidir le teagasc agus foghlaim ina scoil, lena n-áirítear cinntí faoi na rudaí a fhoghlaimíonn páistí, an t-ord ina bhfoghlaimíonn siad, an luas ag a bhfoghlaimíonn siad, agus na gníomhaíochtaí agus na heispéiris trína bhfoghlaimíonn siad. Múnlaítear na cinntí sin le príomhcholúin a chuimsíonn, mar a léiríonn figiúr 2 thíos: **cur amach** na múinteoirí **ar na páistí agus a réamhfhoghlaim**; a **gcur amach ar an gcuraclam**; agus a **gcur amach ar an oideolaíocht**. Tacaítear le cinntí freisin trí chleachtas measúnaithe ar ardchaighdeán a úsáidtear chun bonn eolais a chur faoi theagasc agus foghlaim.




FÍOR 2. NA PRÍOMHCHOLÚIN ULLMHÚCHÁIN DON TEAGASC AGUS DON FHOGHLAIM

Tá nasc idir na príomhcholúin idirnasctha agus tacaíonn siad i gcomhpháirt le gach gné d'ullmhúchán múinteoirí - dofheicthe, infheicthe agus taifeadta - chomh maith leis an timpeallacht foghlama agus cultúr na scoile.

## Cur amach ar na Páistí agus ar a Réamhfhoghlaim

Cuimsítear i gcur amach ar na páistí, iad féin mar fhoghlaimeoirí agus iad mar bhaill de theaghlach agus de phobal, agus is féidir cur leis an eolas fúthu trí bhreathnóireacht, bailiú faisnéise agus measúnú. Is féidir faisnéis a bhailiú ó fhoinsí éagsúla, lena n-áirítear an méid a leanas:

- an páiste
- tuismitheoirí / caomhnóirí an páiste
- iarmhúinteoir(í) agus múinteoir(í) reatha an páiste, múinteoir oideachais speisialta agus cúntóirí riachtanas speisialta
- gairmithe eile agus gníomhaireachtaí seachtracha
- doiciméadacht mar phleananna tacaíochta do dhaltaí/pleananna oideachais don dalta aonair, tuarascálacha ar dhul chun cinn scoile, doiciméid Mo Scéal, taifid mheasúnaithe, tuarascálacha ó ghníomhaireachtaí seachtracha, etc.

Bíonn na foinsí faisnéise sin ina gcuid dhílis den ullmhúchán don teagasc agus don fhoghlaim nuair a thacaíonn siad le cinnteoireacht maidir leis na chéad chéimeanna eile d'fhoghlaim na páistí.

## Cur Amach ar an gCuraclam

Is céim thábhachtach in ullmhúchán an mhúinteora don teagasc agus don fhoghlaim í an t-am a chaitheamh ag léamh agus ag dul i dtaithí ar an gcuraclam, leat féin nó i gcomhar le comhghleacaithe nó seirbhísí tacaíochta comhairleacha. Cuimsítear le cur amach ar an gcuraclam eolas ar an **réasúnaíocht agus ar na haidhmeanna** atá mar bhonn taca agus na **cuir chuige** maidir le teagasc agus foghlaim le tacaíocht ón gcuraclam. Cuimsítear leis freisin cur amach ar an réasúnaíocht agus fócas ar gach **Toradh Foghlama**, chomh maith leis na **naisc** is féidir a dhéanamh ar fud gnéithe agus snáitheanna den churaclam nó go deimhin thar réimsí curaclaim eile. De réir mar a théann

gach múinteoir i dtaithí ar an gcuraclam, tagann siad ar an eolas freisin faoi conas teacht ar thacaíocht, trí shuíomh gréasáin an churaclaim (www.curriculumonline.ie, www.ncca.ie) nó ó sheirbhísí tacaíochta (www.pdst.ie agus www.ncse.ie ). De réir mar a théann an t-eolas i méid le rannpháirtíocht mhéadaithe, déanann múinteoirí an t-eolas sin a ghlacadh chucu féin agus tuiscint ar an gcuraclam a fhorbairt trí **thaithí agus machnamh**. I ndáiríre, ciallaíonn sé sin de réir mar atá gach múinteoir **ag teacht ar eolas faoin gcuraclam**, go n-éiríonn leo a Thorthaí Foghlama a léirmhíniú ar bhealaí a oireann dá gcomhthéacsanna scoile agus do riachtanais a gcuid páistí.

## Cur Amach ar an Oideolaíocht

Múnlaíonn an oideolaíocht **gníomhaíochtaí, focail agus breithiúnais mhúinteoirí**. Níl sé statach; forbraíonn sí agus déantar í a dhoimhniú trí mhachnamh a dhéanamh ar chleachtas, comhráite le comhghleacaithe, agus forbairt ghairmiúil leanúnach. Tá sé tábhachtach tuiscint a fháil ar chuir chuige oideolaíochta chun eispéiris foghlama atá oiriúnach agus tarraingteach a roghnú leis an páiste/na páistí más féidir é. Is fachtóir tábhachtach é **eolas an mhúinteora ar an ábhar** freisin d'fhonn eispéiris foghlama fhiúntacha agus spéisiúla a fhorbairt. Tacaíonn an t-eolas sin ar an ábhar atá á theagasc le múinteoirí chun cinntí a dhéanamh faoi na rudaí a fhoghlaimíonn páistí, an t-ord ina bhfoghlaimíonn siad iad, an luas ag a bhfoghlaimíonn siad. Trí chinntí gairmiúla a dhéanamh bunaithe ar eolas fónta ar oideolaíocht, ar ábhar agus ag cur san áireamh réimsí spéise, fiosracht agus réamhfhoghlaim na páistí, déanann múinteoirí a n**gníomhú** agus a n-éifeachtúlacht a fheidhmiú**.**

# 4. Ullmhúchán don Teagasc agus don Fhoghlaim i gCleachtas

Le coincheap an ullmhúcháin don teagasc agus don fhoghlaim tagann gá le bealach nua chun machnamh a dhéanamh ar conas a léiríonn gach múinteoir a c(h)uid ullmhúcháin **,** i rith na scoilbhliana agus nuair a bhíonn cigireacht ar siúl**.** Is féidir an t-ullmhúchán don Teagasc agus don Fhoghlaim a léiriú trí cheithre fhoinse fianaise;

## An Páiste (Na Páistí)

Tugann na páistí agus a gcuid foghlama léargas ar ullmhúchán an mhúinteora. Is féidir le hidirghníomhaíocht le páistí a léiriú cé chomh mór agus a bhí na heispéiris foghlama múnlaithe ag réamheolas agus réamhfhoghlaim, ag réimsí spéise agus fiosracht páistí. Trí thacú le páistí chun **cur síos a dhéanamh ar a gcuid foghlama agus ar** an dul chun cinn **nó é sin a léiriú/a thaispeáint** tugtar léargas ar chultúr na timpeallachta foghlama agus ar na hidirghníomhaíochtaí idir an múinteoir agus an páiste, chomh maith le húsáid réimse modhanna measúnaithe lena n-áirítear piarmheasúnú agus féinmheasúnú. De réir mar is cuí dá n-aois agus dá bhforbairt, is féidir le páistí cur síos a dhéanamh nó léiriú a thabhairt ar a gcuid foghlama agus dul chun cinn, ar na heispéiris foghlama is mó a thaitin leo agus is mó a d’fhoghlaim siad uathu, chomh maith leis **na chéad chéimeanna eile ina gcuid foghlama** a bhreithniú.

## An Múinteoir

Léiríonn múinteoir atá ag gabháil don teagasc agus don fhoghlaim a c(h)uid eolais ar an páiste/na páistí, ar an gcuraclam agus ar an oideolaíocht. Is féidir leis an múinteoir a c(h)inntí gairmiúla a bhaineann le foghlaim na páistí a mhíniú agus a mhionsaothrú. Féadfaidh múinteoirí cur síos a dhéanamh ar an bhfáth ar roghnaigh siad eispéiris áirithe foghlama, atá múnlaithe ag buanna, riachtanais, réimsí spéise agus indibhidiúlacht an linbh/na páistí lena n-oibríonn siad. Is féidir leis an múinteoir aidhmeanna agus réasúnaíocht an churaclaim a shainaithint agus cur síos a dhéanamh orthu, cur síos a dhéanamh ar fhócas na foghlama ag pointe áirithe agus mar a léireoidh páistí a gcuid foghlama nua. Féadfaidh siad

cur síos a dhéanamh freisin ar na chéad chéimeanna eile a d'fhéadfadh a bheith i bhfoghlaim na páistí agus conas a thacófar leo.

## An Timpeallacht Foghlama

Tugann an comhthéacs cultúrtha agus fisiceach ina dtarlaíonn an fhoghlaim léargas ar chineál an teagaisc agus na foghlama. Is sainmharcanna tábhachtacha de thimpeallacht éifeachtach foghlama iad idirghníomhaíochtaí idir an duine fásta agus an páiste/páistí, struchtúir agus gnáthaimh, chomh maith le creidimh agus luachanna a bhaineann le teagasc agus foghlaim. Le h**idirghníomhaíochtaí ardchaighdeáin múinteoir-páiste agus páiste-páiste** trína n-éistear le smaointe, tuairimí agus dearcadh gach linbh agus trína léirítear meas orthu ar bhonn gníomhach, déantar caidrimh dhearfacha a chothú. Is gné thábhachtach de thimpeallacht éifeachtach foghlama iad ionchais arda freisin. Is féidir tacú le hionchais den sórt sin trí am a thabhairt d'fhorbairt caighdeán, nósanna imeachta, próiseas agus gnáthamh aontaithe a thacaíonn le riachtanais foghlama gach linbh. Trí dheiseanna a sholáthar do páistí **freagracht agus úinéireacht** a ghlacadh ar a gcuid foghlama, nuair is iomchuí, agus chun a machnamh ar a ndul chun cinn a roinnt, féadfaidh sé sin a bheith ina léiriú ar ullmhúchán éifeachtach. Is gné thábhachtach freisin an t-ailíniú idir leagan amach fisiceach an tsuímh, riachtanais gach linbh agus na cineálacha cur chuige oideolaíochta atá beartaithe d'fhonn tacú leis an bhfoghlaim. Is féidir le hinfhaighteacht agus infheictheacht acmhainní foghlama a nascann le samplaí d'obair páistí agus a eascraíonn astu léargas a thabhairt ar ullmhúchán tuisceanach.

## Ullmhúchán agus Machnamh Taifeadta

Nuair a chuirtear san áireamh é i dtuiscint leathan ar ullmhúchán don teagasc agus don fhoghlaim, is gné riachtanach í ullmhúchán taifeadta atá **comhlántach** do phróisis an ullmhúcháin dofheicthe agus infheicthe. Is **don mhúinteoir i dtosach báire** é an t-ullmhúchán taifeadta, agus dá bhrí sin ba chóir go mbeadh sé **úsáideach, feidhmiúil agus praiticiúil**. Cé go léiríonn sé cosúlachtaí go nádúrtha le hobair comhghleacaithe, tá ullmhúchán taifeadta an mhúinteora **pearsanta** agus **saincheaptha**. Tagraíonn ullmhúchán taifeadta go díreach don churaclam, ag aithint Torthaí Foghlama roghnaithe atá mar threoir don

ullmhúchán. Ba cheart go dtabharfadh sé soiléireacht maidir leis an **bhfócas foghlama do páistí** le linn sraith d’eispéiris foghlama. Tarraingíonn an múinteoir ar cholúin an ullmhúcháin don teagasc agus don fhoghlaim chun **fócas na foghlama**, chun na heispéiris foghlama a chuirfear ar fáil, agus chun an chaoi a léireoidh na páistí an fhoghlaim sin a bheachtú agus thaifeadadh. Ní mór gach ullmhúchán taifeadta, lena léirítear an **treo leathan agus fócas foghlama do na páistí,** a thuiscint mar rud atá **trialach agus dinimiciúil**. Ní gá go ndéanfar leis ró-mhionsaothrú ar an méid a d’fhéadfadh tarlú sa timpeallacht foghlama. **Forbraíonn** ullmhúchán taifeadta mar fhreagairt ar dheiseanna agus ar riachtanais atá ag teacht chun cinn sna páistí. **Féadfar** a áireamh leis nótaí agus leasuithe an mhúinteora, de réir mar is cuí. Is **obair idir lámha** atá san ullmhúchán agus sa mhachnamh taifeadta, atá praiticiúil agus feidhmiúil, ag teacht chun cinn de réir mar a théann an fhoghlaim chun cinn. I gcomhthéacs na scoile speisialta, ba chóir go mbeadh tagairt san ullmhúchán taifeadta don churaclam aois-oiriúnach bunscoile nó iar-bhunscoile (féach aguisín 1) a thacaíonn le cumais agus riachtanais na leanaí.

## Ceisteanna chun tacú le múinteoirí machnamh a dhéanamh ar a n-ullmhúchán don teagasc agus don fhoghlaim

1. Conas a bhailím agus a úsáidim faisnéis faoin páiste/faoi na páistí, faoina réamhfhoghlaim, faoin dul chun cinn go dtí seo, riachtanais, réimsí spéise agus fiosracht?
2. An bhfuil na gníomhaíochtaí ullmhúcháin a dtugaim fúthu ina thacaíocht úsáideach, fheidhmiúil agus phraiticiúil don teagasc agus don fhoghlaim?
3. Conas a roghnaíodh nó a cuireadh na cuir chuige teagaisc a úsáidim in oiriúint chun freastal ar riachtanais, réimsí spéise agus cumais gach linbh?

4. Conas a ligeann mo chuid ullmhúcháin dom freagairt go solúbtha do dheiseanna foghlama gan choinne agus do dheiseanna foghlama nua a d'fhéadfadh teacht chun cinn?
5. Conas a aithníonn mo chuid ullmhúcháin thaifeadta an fhoghlaim shonrach atá ar siúl, na heispéiris foghlama a thacaíonn leis an bhfoghlaim agus conas a léireoidh gach páiste i mo chomhthéacs an fhoghlaim sin?
6. Conas a thacaíonn leagan amach fisiceach na timpeallachta foghlama le riachtanais, réimsí spéise agus cumais gach linbh, chomh maith le heispéiris foghlama iomchuí?

# 5. Ag Tacú le hUllmhúchán don Teagasc agus don Fhoghlaim

Tá an chomhairle a leanas beartaithe chun tacú le hullmhúchán taifeadta múinteoirí ar fud Churaclam na Bunscoile (1999) agus Churaclam Teanga na Bunscoile (2019).

## Comhairle do Mhúinteoirí -

***Ullmhúchán Taifeadta chun Tacú le Teagasc & Foghlaim ar fud gach Curaclaim***

| Nithe a bhféadfadh a bheith cabhrach iad a mheas | Nithe a bhféadfadh sé a bheith cabhrach iad a sheachaint |
|---|---|
| 1. Cuimhnigh, ar an gcéad dul síos, gur **chóir go mbeadh an doiciméadacht mar threoir duit** mar mhúinteoir. Ba chóir go mbeadh sé ina thacaíocht **phraiticiúil agus úsáideach**, ar **gné amháin** í den ullmhúchán don teagasc agus don fhoghlaim. Smaoinigh ar do dhoiciméadacht mar rud atá **ag forbairt** roimh, le linn agus tar éis an teagaisc agus de réir fhoghlaim na páistí. Má chuidíonn sé leat, cuir nótaí, leasuithe agus míniúcháin le do dhoiciméadacht d'fhonn tacú le d'ullmhúchán don teagasc agus don fhoghlaim. | 1. Seachain féachaint ar ullmhúchán taifeadta mar an t-aon ghné amháin den ullmhúchán don teagasc agus don fhoghlaim. Tá an luach céanna ar d'ullmhúchán dofheicthe agus infheicthe agus atá ar d'ullmhúchán taifeadta. |
| 2. Is féidir le **cur chuige na scoile uile** aontú ar na **gnéithe coitianta** atá le háireamh sa doiciméadacht. Is féidir na gnéithe sin a thaifeadadh ar bhealach atá praiticiúil agus úsáideach chun tacú le d'ullmhúchán. Féadfaidh na mionsonraí atá sa doiciméadacht a bheith éagsúil ó mhúinteoir go múinteoir, ag | 2. Seachain teimpléid chineálacha a úsáid lena n-áirítear gnéithe nach dtacaíonn go ciallmhar le d'ullmhúchán don teagasc agus don fhoghlaim. Cé go bhféadfadh gach múinteoir gnéithe coitianta a áireamh ina n-ullmhúchán, féadtar iad a chur i láthair nó a thaifeadadh ar an mbealach is inrochtana duit féin. |

| | |
|---|---|
| brath ar a rogha aonair, a mbreithiúnas gairmiúil agus an comhthéacs ina bhfuil siad ag múineadh. | |
| ***Ullmhúchán Taifeadta – Go Fadtéarmach*** | |
| 1. Bí **solúbtha** le d'ullmhúchán fadtéarmach. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá é a **leasú** de réir mar a fhoghlaimíonn tú níos mó faoi na páistí i do chomhthéacs nó de réir mar a thagann deiseanna foghlama gan choinne chun cinn. Tabhair dóthain ama duit féin sula ndéanann tú d'ullmhúchán fadtéarmach taifeadta a chur i gcrích, ionas go léireoidh sé go fóinteach láidreachtaí agus riachtanais foghlama gach linbh i do chomhthéacs. | 1. Ní gá go mbeadh d'ullmhúchán fadtéarmach curtha i gcrích agat roimh thús na scoilbhliana mar gur doiciméad é a fhorbraíonn diaidh ar ndiaidh. Seachain pleananna ró-mhionsonraithe a scríobh don bhliain amach romhainn, rud a d'fhéadfadh teorainn a chur le do sholúbthacht chun freagairt do riachtanais, réimsí spéise agus cumais na páistí. Seachain a bheith 'ag cloí leis an bplean' go ródhocht, mar féadfar an doiciméad a leasú nó a choigeartú de réir mar a théann an bhliain ar aghaidh. |
| ***Ullmhúchán Taifeadta – Sa Ghearrthéarma*** | |
| 1. Déan **fócas na foghlama nua** a shainaithint, ón gcur amach atá agat ar na páistí agus ar a réamhfhoghlaim, agus ag tagairt don churaclam. Déan na **heispéiris foghlama** atá roghnaithe chun tacú le **gach páiste** a shainaithint agus an fhoghlaim sin á cur chun cinn. Sainaithin na bealaí ina ndéanfar measúnú agus monatóireacht ar a ndul chun cinn. D'fhéadfadh sé go n-áireofaí leis sin piarmheasúnú agus féinmheasúnú. Smaoinigh ar an gcaoi a mbeidh a fhios agat má tá fócas na foghlama nua tar éis dul chun cinn agus conas a léirítear é sin i do Cuntas Míosúil. | 1. Seachain brath ar shraith chúng cleachtas measúnaithe, mar shampla an iomarca spleáchais ar thástálacha atá deartha ag an múinteoir, chun dul chun cinn páistí a shainaithint. Smaoinigh ar raon cleachtas measúnaithe a úsáid, idir cinn atá faoi stiúir an linbh agus cinn atá faoi stiúir an mhúinteora. |
| 2. Coinnigh d'ullmhúchán taifeadta **gonta**. Ní léiriú ar a cháilíocht é fad doiciméid. Féadfaidh na mionsonraí san ullmhúchán taifeadta a bheith éagsúil ó mhúinteoir go múinteoir, agus ba cheart go dtacódh an cur chuige a ghlactar le múinteoirí **deiseanna foghlama gan choinne** a thapú **agus deiseanna foghlama a thagann chun cinn** a thapú. | 2. Seachain bheith ag caitheamh an iomarca ama ag scríobh tuairiscí mionsonraithe ar ghníomhaíochtaí. |

| ***Cuntas Míosúil*** | |
|---|---|
| 1. Déan cinnte go dtaifeadann do Chuntas Míosúil **dul chun cinn na foghlama nua atá** déanta ag **na páistí** le linn na míosa, agus **na heispéiris foghlama** a úsáidtear d'fhonn tacú lena ndul chun cinn. Sa chás go bhfuil breac-chuntas soiléir tugtha sa doiciméadacht ghearrthéarmach ar an bhfoghlaim nua agus ar na heispéiris foghlama nua, féadtar í a úsáid freisin chun críche do Chuntais Mhíosúil. | 1. Seachain mionsonraí gan ghá, ní gá gur táscaire éifeachtúlachta é cuntas fada ar an ábhar a mhúintear. Smaoinigh ar do Chuntas Míosúil mar thaifead ar fhoghlaim na páistí gur féidir a úsáid chun tacú le leanúnachas agus dul chun cinn ina gcuid foghlama. |
| 2. Má chabhraíonn sé leat, cuir **machnamh gairid** san áireamh i do Chuntas Míosúil, áit a bhfuil an rogha agat trácht ar theagasc agus ar fhoghlaim i rith na míosa. | |

## Torthaí Foghlama i gCuraclam Teanga na Bunscoile

Déanann Torthaí Foghlama cur síos ar an bhfoghlaim agus ar an bhforbairt a bhfuiltear ag súil leo do páistí ag deireadh tréimhse ama. Díríonn Torthaí Foghlama ar an bhfoghlaim mar phróiseas cumasúcháin a chabhraíonn le páistí coincheapa, scileanna agus meonta a fhorbairt. Tacaíonn múinteoirí le páistí na Torthaí Foghlama a bhaint amach trí eispéiris foghlama a sholáthar a bhaineann le gnéithe den Toradh/de na Torthaí Foghlama agus is fearr a oireann do riachtanais gach linbh. Sainaithnítear sna Torthaí Foghlama go bhfoghlaimíonn gach páiste agus go múineann gach múinteoir i gcomhthéacsanna éagsúla agus go mbeidh na haistir teagaisc/foghlama difriúil sna comhthéacsanna sin.

Tá an chomhairle a leanas beartaithe chun tacú le hullmhúchán múinteoirí don teagasc agus don fhoghlaim agus iad ag obair le Curaclam Teanga na Bunscoile (2019)

| **Comhairle do Mhúinteoirí**<br>***Ag Obair le Torthaí Foghlama*** | |
|---|---|
| **Nithe a bhféadfadh sé a bheith cabhrach iad a mheas** | **Nithe a bhféadfadh sé a bheith cabhrach iad a sheachaint** |

| | |
|---|---|
| 1. Smaoinigh ar **réimsí spéise, riachtanais, agus cumais** gach linbh agus an Toradh/na Torthaí Foghlama is oiriúnaí á roghnú agat i do chomhthéacs. Bain leas as an gcur amach atá agat ar na páistí agus ar a gcuid réamhfhoghlama, **tabhair tosaíocht do na Torthaí Foghlama** is fearr a thacóidh leis **na chéad chéimeanna eile** ina gcuid foghlama. Ba cheart eispéiris foghlama a chruthú agus a oiriúnú chun tacú le **gach páiste** ina gcuid foghlama. Nuair is féidir, téigh i dteagmháil le comhghleacaithe, tuismitheoirí, gníomhaireachtaí seachtracha agus leis na páistí iad féin chun eolas a fháil ar a gcuid réamhfhoghlama, chomh maith lena gcuid réimsí spéise, riachtanas agus cumas. Tacaíonn sé sin freisin le leanúnachas agus dul chun cinn i bhfoghlaim na páistí. | 1. Agus tú ag obair leis na Torthaí Foghlama, seachain scéim oibre chineálach a leanúint go docht, toisc nach gcuireann sé sin réimsí spéise**,** riachtanais agus cumais an linbh/na páistí i do chomhthéacs san áireamh. Seachain glacadh leis go bhfuil gnéithe áirithe de na Torthaí Foghlama forbartha ag na páistí toisc go bhfuil aois áirithe agus/nó céim forbartha áirithe bainte amach acu. |
| 2. Meabhraigh go dtugann na Torthaí Foghlama breac-chuntas ar **an bhfoghlaim agus ar an bhforbairt a bhfuil súil leo thar thréimhse dhá nó ceithre bliana**. Toisc go bhfuil na Torthaí Foghlama leathan ó nádúr, **féadfaidh** tú úsáid a bhaint as do **bhreithiúnas gairmiúil** chun gné/gnéithe de na Torthaí Foghlama is mian leat a fhorbairt trí eispéiris foghlama chuí a shainaithint. Ba cheart é sin a mheas amhail **"fócas na foghlama nua'** don páiste/do na páistí. | 2. Ná bí ag súil le Torthaí Foghlama a 'chlúdach' nó a 'chur i gcrích' laistigh d'achar gearr ama, mar tá sé beartaithe iad a fhorbairt thar thréimhse níos faide trí theaglaim de theagasc follasach agus de chultúr an tseomra ranga. |

| | |
|---|---|
| 3. Agus **ullmhúchán gearrthéarmach** á thaifeadadh agat déan **gach páiste** a mheas nuair a bhíonn **fócas na foghlama nua** á shainaithint**.** Bain úsáid as an **Toradh Foghlama** agus, má chabhraíonn sé, as an Contanam Dul Chun Cinn , chun cabhrú leat fócas na foghlama nua a shainaithint. Bain úsáid as do bhreithiúnas gairmiúil chun cinneadh a dhéanamh maidir lena bhfuil oiriúnach agus tú ag ullmhú don teagasc agus don fhoghlaim agus chun tacú le dul chun cinn gach linbh i do chomhthéacs. Ag brath ar do chomhthéacs, b'fhéidir go mbeadh sé riachtanach agus cabhrach fócas na foghlama nua a thaifeadadh do páiste aonair. Mar sin féin, níl **aon riachtanas** ann an fhaisnéis sin a thaifeadadh do gach páiste i rang príomhshrutha | 3. Déan iarracht gan tabhairt faoin iomarca Torthaí Foghlama ag an am céanna. Níl aon líon áirithe Torthaí Foghlama le sainaithint i d'ullmhúchán gearrthéarmach. De réir mar a thugann Torthaí Foghlama breac-chuntas ar an bhfoghlaim a bhfuil súil léi thar thréimhse dhá nó ceithre bliana, b'fhéidir nach mbeadh sé ina chuidiú an téacs iomlán ó Thoradh Foghlama a lua i do dhoiciméadacht ghearrthéarmach. B'fhéidir go mbeadh sé níos praiticiúla fócas na foghlama nua a thaifeadadh i d'fhocail féin. Seachain taifeadadh gach Toradh Foghlama a d'fhéadfaí a fhorbairt go teagmhasach, nó thar thréimhsí níos faide ama i do dhoiciméadacht ghearrthéarmach. Dírigh ar an bhfoghlaim nua don páiste/do na páistí a thaifeadadh. |
| 4. Is meascán de **choincheapa, scileanna agus meonta**, atá sna Torthaí Foghlama, ar féidir gnéithe díobh a bhaint amach **thar thréimhsí níos giorra nó níos faide ama**. Mar shampla, d'fhéadfadh sé go dtógfadh sé níos mó ama meon le haghaidh 'pléisiúir agus suime' i leith na léitheoireachta (CTB, snáithe Léitheoireacht, Toradh Foghlama 2: Inspreagadh agus Rogha) a fhorbairt ná an cumas 'focail leis an bhfuaim chéanna ach le brí dhifriúil' a shainaithint.'(CTB Snáithe Léitheoireacht, Toradh Foghlama 6: Stór Focal). Féadfaidh **eispéiris foghlama shaibhre** tacú le foghlaim páistí thar theaglaim de thorthaí foghlama | 4. Seachain gan ach luach a chur ar ghnéithe de na TF a fhorbraítear sa ghearrthéarma. Smaoinigh ar an gcaoi a dtacaíonn gnáthaimh sa seomra ranga, cultúr an tseomra ranga agus idirghabhálacha agus cleachtais níos fadtéarmaí le Torthaí Foghlama a fhorbairt thar thréimhsí níos faide. |

| | |
|---|---|
| 5. Agus **ullmhúchán fadtéarmach** á thaifeadadh agat, smaoinigh ar bhreac-chuntas a thabhairt ar **na Torthaí Foghlama** i d**téarmaí leathana** don chreat ama beartaithe (téarma nó bliain) amach romhainn, lena n-áirítear:<br>a. raon na n-eispéireas foghlama<br>b. raon na gcleachtas measúnaithe<br>c. comhtháthú na foghlama le réimsí curaclaim eile, le cleachtais/ imeachtaí scoile uile<br>d. an chaoi a dtacaíonn gnáthaimh an tseomra ranga, cultúr an tseomra ranga agus idirghabhálacha agus cleachtais níos fadtéarmaí leis an bhfoghlaim atá beartaithe.<br><br>Cé go dtabharfaidh tú tosaíocht do thorthaí foghlama áirithe bunaithe ar riachtanais, réimsí spéise agus cumais na páistí, déan cinnte go mbeidh an deis ag na páistí dul i dteagmháil leis an bhfoghlaim a thuairiscítear sna torthaí foghlama uile ar fud an churaclaim | 5. Agus an t-**ullmhúchán fadtéarmach** á thaifeadadh agat, seachain sonrú conas agus cá fhad le caitheamh chun Torthaí Foghlama a fhorbairt, mar ba chóir cinntí den sórt sin a bheith bunaithe ar mheasúnú leanúnach agus dá bhrí sin nár cheart iad a dhéanamh rófhada roimh ré. |

## Comhairle do Mhúinteoirí

***Uirlisí Úsáide Churaclam Teanga Bunscoile a Úsáid chun Tacú le hUllmhúchán don Teagasc agus don Fhoghlaim***
https://curriculumonline.ie/Primary/Curriculum-Areas/Primary-Language/Primary-Language-Toolkit/?lang=ga-ie

| | |
|---|---|
| 1. Sna **Samplaí d'Fhoghlaim Teanga Páistí** tugtar **léargas ar an gcaoi a n-oibríonn múinteoirí le Torthaí Foghlama** chun cinntí a dhéanamh faoi na rudaí a mhúineann siad, faoi na cineálacha gníomhaíochtaí, faoi na heispéiris agus faoin oideolaíocht a úsáideann siad, agus faoin bhfaisnéis a bhailíonn siad maidir le cé chomh maith agus atá páistí ag dul chun cinn ina gcuid foghlama teanga. | 1. Seachain breathnú ar na Samplaí mar 'dea-chleachtas' mar forbraíodh iad chun tacú le múinteoirí machnamh a dhéanamh ar a gcleachtas féin maidir leis na páistí ina gcomhthéacs féin. |
| 2. Tá na **Contanaim Dul Chun Cinn** saindeartha le bheith mar **uirlis chun tacú leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim**. Déanann siad cur síos níos mionsonraithe ar ghnéithe de na Torthaí Foghlama agus is féidir iad a úsáid chun tuiscint bhreise a fháil ar an méid a thuairiscítear i dToradh Foghlama. Féadfaidh tú na Contanaim Dul Chun Cinn a úsáid mar acmhainn sreabhach agus solúbtha **chun do theagasc a threorú agus chun tacú leis** agus chun **cabhrú leis an bhfócas féideartha don fhoghlaim nua a shainaithint.** | 2. Má tá na Contanaim Dul Chun Cinn á n-úsáid agat, seachain féachaint orthu ar bhealach líneach. Cé go dtaifeadann na Contanaim Dul Chun Cinn turas foghlama féideartha, cuimhnigh nach leanfaidh gach páiste an t-ord céanna. Níor cheart féachaint ar na Contanaim Dul Chun Cinn mar chuid éigeantach d'aon ullmhúchán taifeadta. Má tá tú ag baint úsáide as na Contanaim Dul Chun Cinn, seachain mionchéimeanna Dul Chun Cinn a chóipeáil go díreach isteach san ullmhúchán taifeadta atá agat, mar b'fhéidir go mbeadh sé níos praiticiúla an fhoghlaim nua a chur in iúl i d'fhocail féin. Seachain lipéadú a dhéanamh ar páistí aonair i ndoiciméadacht. |
| 3. Cuirtear raon de **straitéisí agus modheolaíochtaí teagaisc** i | 3. Seachain iarracht a dhéanamh gach cur chuige a leagtar amach |

| | |
|---|---|
| láthair do mhúinteoirí sna **hÁbhair Thacaíochta** chun cabhrú le páistí agus iad ag foghlaim teanga agus léirítear iad le físeáin agus grianghraif. | sna hÁbhair Thacaíochta atá ar fáil a úsáid, mar ba chóir do mhúinteoirí a mbreithiúnas gairmiúil a úsáid agus cinneadh á dhéanamh acu ar na cineálacha cuir chuige is fearr i leith foghlaim teanga do na páistí ina gcomhthéacsanna. |

# 6. Tacaíochtaí breise

- Leathanaigh maidir le Pleanáil Curaclaim ar shuíomh gréasáin na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta; https://ncca.ie/ga/bunscoil/ullmh%C3%BAch%C3%A1n/
- Uirlisí Úsáide Churaclam Teanga na Bunscoile a thacaíonn leis an ullmhúchán trí na Samplaí d'fhoghlaim teanga páistí, Contanaim Dul Chun Cinn agus Ábhair Thacaíochta do mhúinteoirí; https://curriculumonline.ie/Primary/Curriculum-Areas/Primary-Language/Primary-Language-Toolkit/?lang=ga-ie
- An Uirlis Pleanála Curaclaim nuashonraithe; https://nccaplanning.ie/index.php?ga
- Trí thacaíocht leanúnach scoile arna soláthar ag an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí agus ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta.
- Seimineáir ghréasáin na Seirbhíse um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí maidir le Curaclam Teanga na Bunscoile; https://www.pdst.ie/primary/literacy/webinars
- Leathanaigh ghréasáin Litearthachta na Seirbhíse um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí
- Leathanaigh ghréasáin na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta maidir le Curaclam Teanga na Bunscoile ; https://www.sess.ie/resources/curricular/primary-language-curriculum

# Aguisín 1: Soláthar Curaclaim ó Breith go dtí 18 mbliana d'aois

